Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Márta 2020
(OR. en)

6432/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0028 (NLE)**

TRANS 81
COWEB 21

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobal Iompair i ndáil le cúrsaí áirithe buiséadacha a bhaineann le cur chun feidhme an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobal Iompair i ndáil le cúrsaí áirithe buiséadacha a bhaineann le cur chun feidhme an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ("TCT") i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle[1]. An 4 Márta 2019 formheasadh é thar ceann an Aontais Eorpaigh trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle[2]. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) De bhun Airteagal 35 den TCT, tá an Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobal Iompair ("an Coiste Stiúrtha") chun buiséad an Chomhphobail Iompair a ghlacadh gach bliain.

(3) Tá Coiste Stiúrtha le cinneadh a ghlacadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair do 2020 chun a áirithiú go gcuirfear TCT chun feidhme.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha a bhunú, toisc gur gá an cinneadh sin atá le glacadh ar an gCoiste Stiúrtha chun gur féidir le Buanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair feidhmiú agus toisc go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag an gcinneadh sin i leith an Aontais.

(5) Le cumhachtú an Choimisiúin chun buiséad an Chomhphobail Iompair a chur chun feidhme go sealadach ní athraítear bunchineál na gcumhachtaí a thugtar don institiúid sin leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle an 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 278, 27.10.2017, lch. 1).

[2] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

*Airteagal 1*

Bunófar an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair don bhliain 2020 ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 6534/20 ar http://register.consilium.europa.eu.